C/2026/3239

2.7.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear clár taighde agus oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2028-2032 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena ndéantar foráil do ranníocaíocht an Chomhphobail leis an tionscadal ITER, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2025/1304

(COM(2025) 594 final — 2025/0594 (NLE))

(C/2026/3239)

Rapóirtéir: **Alena MASTANTUONO**

Comhairleoir	Tellervo KYLÄ-HARAKKA-RUONALA (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa I)
Nós imeachta reachtach	EU Law Tracker
Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 24.9.2025
Bunús dlí	Airteagal 40 de Chonradh Euratom
Doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh	COM(2025) 594 — final Achoimre ar COM(2025) 594
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	9.3.2026
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.3.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	604
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	209/1/5

1. MOLTAÍ

SEO SEASAMH CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (CESE)

1.1. Is díol sásaimh do CESE Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach atá beartaithe do 2028-2032 (an Clár) agus tugann sé chun suntais go bhfuil níos mó ná ról amháin ag an gClár sin maidir le hiomaíochas, slándáil agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Chuige sin, meabhraíonn sé gur gá cistiú iomchuí a chur ar fáil don Chlár agus cur leis an raon iomlán infheistíochta, ó chéim an taighde bhunúsaigh go céim na húsáide lánscála.

1.2. Tá CESE den tuairim gur gá, sa bhreis ar chistiú an Aontais, cistiú na mBallstát a mhéadú agus leas a bhaint as maoiniú príobháideach. Iarrann sé go dtabharfaí cistiú iomchuí do chuideachtaí den uile mhéid agus go mbeadh raon gníomhaithe rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta comhoibríocha agus trasteorann, d'fhonn feabhas a chur ar iomaíochas éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa agus ar shlándáil eacnamaíoch an Aontais.

1.3. Cuireann CESE i bhfios a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta maidir le teicneolaíochtaí agus réitigh nua a fhorbairt, agus aithníonn sé freisin go bhfuil gá le measúnú riosca agus bainistiú riosca cuí chun a áirithiú go n-eisiafar tríú páirtithe nach gcomhlíonann critéir ghinearálta atá bunaithe ar luachanna nó critéir shlándála an Chláir agus go bhfágfaidh an comhar go ndéanfar leasanna eacnamaíocha agus slándála an Aontais, lena n-áirítear gnéithe airgeadais agus úsáid torthaí, a chosaint.

1.4. Tá CESE den tuairim gur gné ríthábhachtach chistiúcháin den Chlár é forbairt an fhuinnimh comhleá agus measann sé go bhfuil sé tábhachtach tacú le ról an Aontais i dtionscadal ITER, d'fhonn éiceachóras fuinnimh comhleá na hEorpa a neartú sa chomhthéacs domhanda agus dlús a chur leis an nglacadh atá leis an bhfuinneamh comhleá sa mhargadh agus lena imscaradh san Aontas.

1.5. Meabhraíonn CESE go bhfuil gá le cistiú iomchuí chun teicneolaíochtaí núicléacha eile a fhorbairt in earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear imoibreoirí modúlacha beaga agus ardfhorbartha, breoslaí agus ábhair ardfhorbartha, agus réitigh shábháilte chun dramhaíl radaighníomhach agus breosla ídithe a bhainistiú, agus aird á tabhairt ar thimthriall an bhreosla núicléach.

1.6. Molann CESE go ndíreofaí na hacmhainní ar fhorbairt teicneolaíochtaí núicléacha chun críoch neamhchumhachta, mar shampla feidhmeanna in earnálacha an leighis, an spáis, na talmhaíochta agus na tionsclaíochta, agus ar an nglacadh atá leis na teicneolaíochtaí sin. Tá an Coiste den tuairim gur cuspóirí trasearnála de chuid an Chláir iad rioscaí a chosc, an ullmhacht, agus cosaint daoine agus an chomhshaoil ar rioscaí sábháilteachta agus slándála. Iarrann sé go gcuirfí leis an bhfeasacht ar shaincheisteanna núicléacha tríd an gcumarsáid agus an teagmháil le hionadaithe na sochaí sibhialta.

1.7. Iarrann CESE go ndéanfaí infheistíocht chuí i bhforbairt scileanna agus inniúlachtaí sa réimse núicléach, agus é mar aidhm a áirithiú go mbeidh tallann den chéad scoth agus lucht saothair cáilithe ar fáil. Chuige sin, molann sé go ndéanfaí saincheisteanna núicléacha a chomhtháthú san oideachas ar gach leibhéal agus tarraingteacht na ngairmeacha sa réimse núicléach a chur chun cinn, agus an tsoghluaisteacht agus an líonrú trasteorann á bhfeabhsú trí bhíthin bonneagar ardleibhéil taighde agus teicneolaíochta.

1.8. Molann CESE go gcuirfí cur chuige an tsimplithe chun feidhme ó thaobh na dtairbhithe de, i ngach gné riaracháin den Chlár agus ag gach céim de na nósanna imeachta iarratais agus dámhachtana, agus iarrann sé go mbeadh rochtain éasca ag aon tairbhí féideartha, lena n-áirítear FBManna, ar na nósanna imeachta agus ar na cláir oibre.

1.9. Cuireann CESE i bhfáth gur gá sineirge láidir a chruthú idir an Clár, an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), Fís Eorpach agus cistí agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí chur chuige atá dírithe ar thorthaí a leanúint, agus sainiúlachtaí an éiceachórais á gcur san áireamh agus an prionsabal a bhaineann le neodracht na teicneolaíochta á urramú.

2. NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

Argóintí cothrománacha

2.1. Is í an tuairim seo ó CESE an tuairim is déanaí i sraith tuairimí ó CESE maidir le cláir thaighde agus oiliúna Euratom. Lena chois sin, d'fhoilsigh an Coiste tuairimí eile roimhe seo maidir leis an gclár le haghaidh na tréimhse 2021-2025 ([1]) agus na tréimhse 2026-2027 ([2]).

2.2. D'fhoilsigh CESE roinnt tuairimí eile le déanaí a bhaineann leis an réimse núicléach, agus tá tagairt do na tuairimí sin sna pointí ábhartha thíos. Thairis sin, tá roinnt tuairimí beartaithe ag CESE mar ionchur an Choiste in ullmhú an chreata nua airgeadais ilbhliantúil, mar shampla tuairimí maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) ([3]) agus maidir le Fís Eorpach ([4]), agus is iad na tuairimí sin na tuairimí is ábhartha a fhad a bhaineann sé leis an gClár.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.1 (an Clár)

2.3. Is cuid de phacáiste an chreata nua airgeadais ilbhliantúil (CAI) é an Clár agus rannchuidíonn sé le roinnt tosaíochtaí atá ag an Aontas, lena n-áirítear an t-iomaíochas agus an tslándáil chuimsitheach (tá gnéithe éagsúla na slándála cumhdaithe ag an bhfocal 'cuimsitheach'). Tá údar maith le cuspóirí sonracha an Chláir a fhad a bhaineann sé leis an taighde ar theicneolaíochtaí núicléacha sábháilte agus nuálacha a chur chun cinn agus scileanna agus tallanna gaolmhara a áirithiú san Aontas. Chun cuspóirí uile an Chláir a bhaint amach, is gá a chinntiú go mbeidh imchlúdach airgeadais iomchuí ann lena bhféadfar é a chur chun feidhme.

([1]) IO C, C/2019/110, 22.3.2019.
([2]) IO C, C/2025/2968, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2968/oj.
([3]) IO C, C/2026/873, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/873/oj.
([4]) Tuairim ó CESE *Fís Eorpach* (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil) (IO C, C/2026/1973, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1973/oj).

2.4. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach sineirgí a lorg le cistí agus cláir ghaolmhara eile de chuid an Aontais (féach moladh 1.9), chun infheistíocht chuí a áirithiú sna céimeanna infheistíochta éagsúla, ó chéim an taighde bhunúsaigh, go céim na nuálaíochta agus céim na húsáide lánscála.

2.5. Tá gá le sineirgí le cistí eile freisin a fhad a bhaineann sé le hacmhainní, ós rud é gur EUR 6.7 billiún thar thréimhse 5 bliana atá in imchlúdach airgeadais táscach an Chláir, suim atá níos ísle ná 6 % den imchlúdach don chlár Fís Eorpach agus níos ísle ná 4 % de CEI thar thréimhse 7 mbliana.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.2 (comhar náisiúnta)

2.6. Toisc go dteastaíonn infheistíocht shuntasach sa réimse atá i gceist sa Chlár, is gá cur leis na hiarrachtaí cistiúcháin ar leibhéal na mBallstát, sa bhreis ar an gcistiú ón Aontas. Is gá freagairt do na dúshláin gheopholaitiúla, gheo-eacnamaíocha agus chomhshaoil atá ann, agus iarrtar ar na Ballstáit an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht i gcoitinne agus san eolaíocht núicléach agus sna teicneolaíochtaí núicléacha a mhéadú freisin.

2.7. Is gá freisin leas a bhaint as maoiniú príobháideach chun na críche sin agus ról a thabhairt do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon i gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha agus trasteorann taighde agus nuálaíochta, ina bhfuil gnólachtaí, institiúidí taighde, ollscoileanna agus páirtithe leasmhara eile. Sa bhreis ar na cuideachtaí móra atá i réim sa mhargadh seo, is féidir le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha cur go mór le forbairt teicneolaíochtaí núicléacha agus leis an nglacadh atá leo i gcodanna éagsúla de na slabhraí luacha. Tá an-tábhacht le comhpháirtíochtaí ildánacha agus trasteorann chun éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa a neartú agus, dá réir sin, cur le hiomaíochas foriomlán agus slándáil eacnamaíoch an Aontais.

2.8. Tá an-tábhacht le hacmhainneacht láidir theicneolaíoch chun tionchar agus cumhacht a chinntiú ar an leibhéal domhanda. Is cuideachtaí móra agus eintitis phoiblí den chuid is mó atá sa phobal taighde núicléach. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh na hacmhainní cuí ag na gníomhaithe móra agus borradh a chur faoina n-iarrachtaí i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (TFN). Tá sé tábhachtach feabhas a chur freisin ar ról na bhfiontar beag, e.g. gnólachtaí nuathionscanta nuálacha. Chuige sin, ba cheart, i gcás na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, an t-uasráta cistiúcháin a shocrú gar do 100 % le haghaidh cuideachtaí den uile mhéid agus i gcás na ngníomhaíochtaí nuálaíochta é a shocrú gar do 100 % le haghaidh FBManna agus 70 % le haghaidh cuideachtaí móra.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.3 (comhar idirnáisiúnta)

2.9. Bíonn gá le lear mór acmhainní chun teicneolaíochtaí agus réitigh nua a fhorbairt, agus ní féidir sin a dhéanamh gan comhar idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá gá ag an Aontas le comhar le tríú páirtithe chun go mbeidh sé in ann an acmhainneacht a theastaíonn agus a ról domhanda sa réimse núicléach a fhorbairt.

2.10. Ar an taobh eile den scéal, ní mór measúnú agus bainistiú iomchuí a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcomhar le tríú páirtithe. Ní mór a áirithiú mar chuid den chomhar sin go gcomhlíonfar leasanna eacnamaíocha an Aontais, ó thaobh ranníocaíochtaí agus sochar de. Tá sé ríthábhachtach freisin slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint, mar shampla le linn amhábhair a sholáthar agus cearta maoine intleachtúla a chosaint.

2.11. Sa bhreis ar na coinníollacha maidir le leasanna díreacha eacnamaíocha agus slándála an Aontais a chosaint, tá critéir ghinearálta atá bunaithe ar luachanna san áireamh freisin sna critéir atá molta a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha sa Chlár. Ba cheart na critéir sin a chur chun feidhme go docht agus na tíortha sin nach gcomhlíonann iad nó a sháraíonn prionsabail idirnáisiúnta na síochána agus na slándála a chur as an áireamh.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.4 (fuinneamh comhleá)

2.12. Tá an iliomad deiseanna ann a thugann an fuinneamh comhleá. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach cistiú iomchuí a chur ar fáil chun an fuinneamh comhleá a chur chun cinn. Chun na bacainní eolaíocha, teicneolaíocha agus margaidh a chuireann srian le forbairt an fhuinnimh comhleá agus leis an nglacadh atá leis a shárú, ba cheart gach céim infheistíochta a mheas ina hiomláine, idir an taighde agus na treoirthástálacha, an cur i bhfeidhm agus an úsáid lánscála, lena n-áirítear an bonneagar a theastaíonn. Ba cheart creat cuimsitheach a chur ar fáil chun na críche sin sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a fhoilseofar go luath maidir le straitéis AE um fhuinneamh comhleá.

2.13. Tá sé beartaithe sciar mór de bhuiséad an Chláir (EUR 4 bhilliún) a chur le ranníocaíocht an Aontais le tionscadal ITER, rud a bhfuil údar leis, óir is gá dlús a chur le glacadh an fhuinnimh comhleá sa mhargadh agus an t-éiceachóras Eorpach a neartú. Tá an beart sin ina chomhlánú freisin ar an tionscnamh 'Moonshot Fusion' atá ina chuid de chlár Fís Eorpach. Is éard is aidhm don tionscnamh sin dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an bhfuinneamh comhleá a chur in úsáid in eangach leictreachais an Aontais.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.5 (infheistíocht i dteicneolaíochtaí núicléacha eile)

2.14. Tá méadú ar an ngá atá le slándáil an tsoláthair a chinntiú agus na córais fuinnimh a dhícharbónú, rud a fhágann go bhfuil an fuinneamh núicléach ina rogha tharraingteach táirgthe fuinnimh, agus is faoi na Ballstáit atá sé a meascán fuinnimh féin a roghnú. Foinsí fuinnimh saor ó charbón agus foinsí fuinnimh ísealcharbóin a chur in ionad na mbreoslaí iontaise, ní leis an táirgeadh fuinnimh amháin a bhaineann sin, ach tá tábhacht leis freisin chun tionscail éagsúla agus tomhaltóirí fuinnimh eile a dhícharbónú. Chuige sin, ní mór infheistíocht bhreise a dhéanamh i bhforbairt teicneolaíochtaí agus córas núicléach atá nuálach, sábháilte agus slán agus sa ghlacadh atá leo, rud a tugadh le fios sa tuairim ó CESE ([5]) maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ([6]) faoin gClár Léiriúcháin Núicléach 2025.

2.15. Tá imoibreoirí beaga modúlacha agus ardfhorbartha ina sampla de na teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht mhéadaitheach iontu. Tá na himoibreoirí beaga modúlacha aitheanta mar réiteach glan solúbtha chun leictreachas agus teas a ghiniúint le haghaidh feidhmeanna tithíochta agus tionsclaíochta, lena n-áirítear táirgeadh hidrigine. Is éard is cuspóir don phlean gníomhaíochta straitéiseach ón gComhghuaillíocht Eorpach um Imoibreoirí Beaga Modúlacha ([7]) imoibreoirí beaga modúlacha a imscaradh agus cabhrú le tionscail an Aontais forbairt agus dul san iomaíocht ar bhonn domhanda. Tá cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí Chlár Euratom, le cur ar fáil chun tacú leis an bplean gníomhaíochta. Tá an plean ina bhonn freisin leis an straitéis atá á hullmhú ag an gCoimisiún Eorpach maidir le himoibreoirí beaga modúlacha.

2.16. Ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí eamhnaithe núicléach in ann tacú cheana féin le cuspóirí aeráide an Aontais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ba cheart cur leis an aitheantas atá acu agus ba cheart an cistiú a leithdháiltear ar an eamhnú núicléach a mhéadú agus comhéifeacht 100 % maidir le critéar an mhaolaithe ar an athrú aeráide a shannadh dó i gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais. Ba cheart gníomhaíochtaí nuálacha a bhaineann le teicneolaíochtaí eamhnaithe (imoibreoirí beaga modúlacha agus ardfhorbartha, timthriall breosla etc.) a bheith incháilithe freisin mar chuid de thionscadail 'Moonshot Fusion' faoin gclár Fís Eorpach.

2.17. Ní mór iarrachtaí láidre a dhíriú freisin ar fheabhas a chur ar bhainistiú sábháilte na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla ídithe ([8]). Tá gá le hiarrachtaí sonracha chun timthriall an bhreosla núicléach a fhorbairt, rud a fhreagraíonn do na dúshláin gheopholaitiúla a bhaineann le slándáil an tsoláthair breosla agus le sábháilteacht an chomhshaoil a fheabhsú. Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé bainistiú sábháilte na dramhaíola radaighníomhaí a áirithiú, is gá cur le hacmhainneacht EURAD 2 (an Clár Comhpháirteach Eorpach maidir le Bainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí) chun freagairt ar bhealach níos dinimiciúla do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus d'athruithe beartais sa réimse sin, agus baint a bheith ag an tsochaí shibhialta leis.

2.18. Ní mór freastal ar riachtanais shaolré iomlán na n-ábhar, na dteicneolaíochtaí agus na suiteálacha núicléacha laistigh den Chlár, agus an soláthar amhábhar, an táirgeadh, an lóistíocht, an díchoimisiúnú agus an bhainistíocht dramhaíola a chur san áireamh. Tá gá le réitigh shofaisticiúla freisin chun oibriú sábháilte na ngléasraí atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú.

2.19. Tá sé tábhachtach freisin na gníomhaithe éagsúla atá ag feidhmiú sna slabhraí luacha a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Mar shampla, tá ról ríthábhachtach ag FBManna ina lán codanna de na slabhraí luacha a bhaineann leis na teicneolaíochtaí núicléacha. Bíonn siad ag obair freisin i réimse leathan earnálacha.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.6 (úsáidí neamhchumhachta)

2.20. Ba cheart aird bhreise a thabhairt ar na deiseanna eile, amach ón táirgeadh cumhachta, a chuirtear ar fáil leis an eolaíocht núicléach agus le teicneolaíochtaí núicléacha ina lán earnálacha, mar shampla feidhmeanna na radaíochta ianúcháin in earnálacha na sláinte, na talmhaíochta, an spáis agus na tionsclaíochta. Is féidir le Ballstáit nach n-úsáideann an chumhacht núicléach ina meascán fuinnimh na deiseanna sin a thapú freisin.

2.21. In earnáil na sláinte, tá tábhacht ar leith leis na teicneolaíochtaí raideolaíocha agus núicléacha ag gach céim den chomhrac in aghaidh na hailse, lena n-áirítear an brath, an diagnóisiú, an chóireáil agus an cúram. Chun freagairt don éileamh méadaitheach ar raidiseatóip sa chúram sláinte, is gá roinnt dúshlán a shárú: na spleáchais arda ar thríú tíortha maidir le príomhábhair fhoinseacha áirithe, dul in aois na n-imoibreoirí taighde agus moilleanna ar na pleananna chun cinn nua a thógáil, agus an easpa comhchuibhithe ar fud an Aontais a fhad a bhaineann sé leis an rialachán is infheidhme a chur chun feidhme, mar shampla sa réimse núicléach, agus i réimsí na cógaisíochta agus an iompair.

([5]) IO C, C/2026/883, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/883/oj.
([6]) COM/2025/315 final.
([7]) Plean gníomhaíochta straitéiseach na Comhghuaillíochta Eorpaí um Imoibreoirí Beaga Modúlacha.
([8]) IO C, C/2025/110, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/110/oj.

2.22. I ndáil leis an méid sin, tá gá le dul chun cinn sonrach i gcur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta (SAMIRA) agus an Tionscnaimh Eorpaigh um Ghleann Raidiseatóp (ERVI) i ndáil le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, lena n-áirítear an méid is féidir a dhéanamh faoi ERVI chun dul i ngleic le spleáchais ar bhealach níos éifeachtaí agus chun acmhainneachtaí táirgthe úráiniam ardghráid ísealsaibhrithe (HALEU) agus acmhainneachtaí iseatóp cobhsaí a thógáil san Eoraip ([9]).

2.23. Ní mór cosaint daoine agus an chomhshaoil a mheas mar chur chuige trasearnála sa Chlár ina iomláine, i réimsí na cumhachta agus na neamhchumhachta araon. Cé gur cheart tús áite a thabhairt do chosc rioscaí sábháilteachta, ní mór maoiniú cuí a chur ar fáil freisin chun cur leis an ullmhacht do chásanna eisceachtúla, amhail timpistí radaíochta. Tá sé ríthábhachtach freisin i gcás na rioscaí slándála a eascraíonn as ábhair radaighníomhacha a iompar nó a úsáid go neamhdhleathach go gcaithfear na rioscaí sin a chosc agus ullmhú dóibh.

2.24. Ós rud é go bhfuil níos mó ná ról amháin ag na teicneolaíochtaí núicléacha sa gheilleagar agus sa tsochaí, is gá feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna núicléacha agus maidir le cuspóirí agus torthaí an Chláir trí chumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le gníomhaithe éagsúla na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ionadaithe na bhfiontar, na n-oibrithe agus na saoránach i gcoitinne.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.7 (scileanna agus tallann)

2.25. Is réamhriachtanas é tallann den chéad scoth a bheith ar fáil sa réimse núicléach chun go mbeidh an tAontas in ann ról láidir a bhaint amach agus a chothabháil ar an leibhéal domhanda. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an oideachas ardleibhéil agus trí thimpeallacht taighde agus nuálaíochta a chuireann an barr feabhais chun cinn agus a sholáthraíonn rochtain ar bhonneagar ardfhorbartha taighde agus teicneolaíochta. Tá ról ríthábhachtach ina leith sin ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC).

2.26. Thairis sin, chun go n-éireoidh leis an réimse núicléach, tá gá le gairmithe cáilithe maille le lucht saothair le haghaidh na gcúraimí praiticiúla, idir chigirí agus oibrithe próiseála sna gléasraí cumhachta agus phearsanra leighis agus cúraim sláinte. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, cistiú iomchuí ón gClár a chur ar fáil chun forbairt scileanna agus inniúlachtaí a chur chun cinn, rud a bheidh ina chomhlánú ar an infheistíocht náisiúnta san oideachas agus san oiliúint.

2.27. Chun an meon, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a bhaint amach agus a chothabháil, ní mór, sa bhreis ar fheasacht ghinearálta a mhúscailt, saincheisteanna núicléacha a chomhtháthú san oideachas ar gach leibhéal, ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na gairmoiliúna agus an ardoideachais, arna gcomhlánú le scileanna saincheaptha a bhaineann leis an obair. Tá an t-oideachas in ábhair ETIM ar cheann de na bealaí chun scileanna breise a fhorbairt do chách.

2.28. Is gá freisin tarraingteacht na ngairmeacha sa réimse núicléach a chur chun cinn, go háirithe do dhaoine óga, agus mná a spreagadh dul ag obair sa réimse. De réir anailís a rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) ([10]), tá an pá san earnáil núicléach ar an dara pá is airde in earnáil an fhuinnimh, sin tar éis earnáil na hola agus an ghái. Tá treochtaí dearfacha ann, áfach, mar shampla sciar na mban i róil cheannaireachta san earnáil núicléach, sciar atá os cionn an mheáin 25 % atá ann i gcás an gheilleagair trí chéile.

2.29. Is gá feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit chun na hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú agus sineirgí agus tairbhí breise a ghiniúint ó thaobh tallainne agus scileanna de. Is amhlaidh atá i gcás an chomhair idirnáisiúnta, lena n-áirítear an comhar taighde chun feabhas a chur ar an mbarr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus an malartú saineolais in oibríochtaí praiticiúla. Tá infhaighteacht bonneagair ardleibhéil taighde agus nuálaíochta agus rochtain ar an mbonneagar sin thar a bheith tábhachtach chun cur leis an tsoghluaisteacht agus an líonrú tallainne.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.8 (simpliú)

2.30. Ní mór an simpliú a bheith ina chur chuige uileghabhálach a bhfuil feidhm aige maidir le gach gné riaracháin den Chlár agus gach céim den phróiseas, idir chláir oibre agus nósanna imeachta iarratais agus dámhachtana. Is ó thaobh na dtairbhithe de ba cheart bearta simpliúcháin a chur chun feidhme go príomha, toisc go gcinnteoidh sin go mbeidh na nósanna imeachta agus na cláir oibre sorochtana agus intuigthe ag gach cineál tairbhí, lena n-áirítear FBManna ([11]).

([9]) IO C, C/2024/4661, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4661/oj.
([10]) GIF, *World Energy Employment 2025*.
([11]) Féach freisin IO C, C/2026/873, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/873/oj.

2.31. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go bhfuil struchtúr agus rialachas an Chláir soiléir agus cuíchóirithe, rud a chuidíonn leis na tairbhithe dul i ngleic leis na nósanna imeachta. Thairis sin, i gcás tairbhithe féideartha, tá an-tábhacht le rialacha deonúcháin soiléire trédhearcacha agus tírdhreach cistiúcháin spreagúil ar an iomlán, agus teastaíonn cothromaíocht chuí idir an intuarthacht agus an tsolúbthacht chun an méid sin a bhaint amach.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.9 (sineirgeachas)

2.32. Moltar in Airteagal 7 den dréachtrialachán sineirgí idir clár Euratom agus cláir eile de chuid an Aontais a neartú. Luaitear ann go bhféadfadh tionscadal aonair tairbhe a bhaint as cistiú Euratom agus as foinsí cistiúcháin Eorpacha eile freisin. Is díol mór sásaimh é an sineirgeachas breise idir na huirlisí éagsúla maoiniúcháin — CEI, Fís Eorpach agus cistí agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais. Ós rud é go mbaineann an Clár le ceithre réimse beartais CEI, mar atá an t-aistriú glan agus an t-aistriú digiteach agus saincheisteanna sláinte agus spáis, ba cheart na sineirgí agus na sochair a mheas i ngach ceann de na réimsí sin.

2.33. Chun go mbeidh na sineirgí sin inmharthana, ní mór an cistiú a bheith bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar thorthaí, agus ní mór an prionsabal a bhaineann le neodracht na teicneolaíochta a chur i bhfeidhm ina iomláine.

3. NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE AR AN TOGRA REACHTACH ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

Leasú 1

Baineann an leasú seo le moladh 1.3.

Leasú ar Airteagal 8(3)(b)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 8(3)(b) gealltanas a bheith tugtha acu maidir le geilleagar margaidh oscailte bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, cearta an duine a bheith á n-urramú acu, faoi choimirce institiúidí daonlathacha;	Airteagal 8(3)(b) gealltanas a bheith tugtha acu maidir le geilleagar margaidh oscailte bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, cearta an duine a bheith á n-urramú acu, faoi choimirce institiúidí daonlathacha***, agus prionsabail idirnáisiúnta na síochána agus na slándála a bheith á n-urramú***;

Cúis

Féach pointe 2.11.

Leasú 2

Baineann an leasú seo le moladh 1.5.

Cuspóir sonrach breise a chur i ndiaidh Airteagal 3(2)(b)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	Airteagal 3(2)(b), litir bhreise ***taighde agus forbairt a chur chun cinn maidir le réitigh fuinnimh eamhnaithe nuálacha agus shábháilte, lena n-áirítear córais imoibritheora agus timthriall iomlán an bhreosla núicléach;***

Cúis

Féach pointe 2.14 go pointe 2.19.

Leasú 3

Baineann an leasú seo le moladh 1.5.

Cuspóir sonrach breise a chur san Iarscríbhinn, i ndiaidh Chuspóirí sonracha 2(a) agus 2(b)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	Cuspóir sonrach 2(b), litir bhreise ***Sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh eamhnaithe a luaitear faoi chuspóirí sonracha 2(c) agus 2(d) (sábháilteacht agus slándáil, bainistiú dramhaíola, scileanna agus inniúlachtaí)*** ***(i) tacú le forbairt teicneolaíochtaí táirgthe fuinnimh atá bunaithe ar an eamhnú, lena n-áirítear imoibreoirí beaga modúlacha agus ardfhorbartha;*** ***(ii) tacú le forbairt breoslaí ardfhorbartha agus timthriallta an bhreosla iomláin;*** ***(iii) cur leis na réitigh chun oibriú sábháilte na ngléasraí atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú;*** (iv) ***feabhas a chur ar chruthú éiceachóras Eorpach chun réitigh fuinnimh eamhnaithe nuálacha a fhorbairt agus a ghlacadh.***

Cúis

Féach pointe 2.14 go pointe 2.19.

Leasú 4

Baineann an leasú seo le moladh 1.7.

Airteagal 3(2)(d) a leasú

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 3(2)(d) saineolas agus inniúlachtaí sa réimse núicléach a fhorbairt, a choinneáil agus a úsáid ***tríd an*** oideachas agus tríd an oiliúint agus trí thacú le rochtain ar bhonneagair thaighde úrscothacha, lena n-áiritheofar a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus a mbarr feabhais oibríochtúil; agus	Airteagal 3(2)(d) saineolas agus inniúlachtaí sa réimse núicléach a fhorbairt, a choinneáil agus a úsáid ***trí fheasacht a mhúscailt, trí*** oideachas ***ar gach leibhéal*** agus tríd an oiliúint**,** agus trí thacú le rochtain ar bhonneagair thaighde úrscothacha, lena n-áiritheofar a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus a mbarr feabhais oibríochtúil; agus

Cúis

Féach pointe 2.25 go pointe 2.29.

Leasú 5

Baineann an leasú seo le moltaí 1.6 agus 1.7.

Pointe nua (vi) a chur isteach faoi Chuspóir sonrach 2(d) san Iarscríbhinn

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	(vi) ***feasacht ar shaincheisteanna núicléacha agus ar an gClár a mhúscailt tríd an gcumarsáid agus an teagmháil leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ionadaithe na bhfiontar, na n-oibrithe agus na saoránach i gcoitinne.***

Cúis

Féach pointe 2.24 agus pointe 2.27.

Leasú 6

Baineann an leasú seo le moladh 1.2.

Mír nua a chur isteach i ndiaidh Airteagal 12(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
	Mír nua a chur isteach i ndiaidh Airteagal 12(2) ***De mhaolú ar Airteagal 27 de Rialachán [lena mbunaítear an Clár Réime Fís Eorpach], féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána gníomhaíochta faoi Chlár Euratom a aisíoc ag céim na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i gcás FBManna agus eintitis dhlítheanacha bhrabúsacha eile.***

Cúis

Féach pointe 2.8.

An Bhruiséil, an 18 Márta 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND

IARSCRÍBHINN

LORG REACHTACH

LIOSTA DE NA hIONADAITHE SAINLEASA ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a tarraingíodh suas an liosta seo a leanas. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na hionadaithe sainleasa seo a leanas (eagraíochtaí agus/nó daoine féinfhostaithe) agus TEN/864 EURATOM — Clár Taighde agus Oiliúna 2028-2032 á ullmhú:

Eagraíochtaí agus/nó daoine féinfhostaithe

Newcleo

nuclearеurope

Orano

Urenco